

Feidhmiú na Comhairle Ag amharc siar Ag amharc chun tosaigh




















Leagann Acht Rialtais Áitiúil (TÉ) 2014 amach Dualgas Ginearálta Feabhsaithe do rialtas áitiúil, trína gcaithfidh na comhairlí ceantair uilig socruithe a chur ar bun le feabhsú leanúnach a aimsiú i ngníomhú a bhfeidhmeanna.















Ag Amharc Siar Measúnú Feidhmíochta 2016-17

Tá de dhualgas ar an Chomhairle Measúnú Feidhmíochta a fhoilsiú ar bhonn bliantúil lena thaispeáint ar baineadh amach feabhsuithe pleanáilte. Leagann Measúnú Feidhmíochta 2016-17 amach dul chun cinn na Comhairle ina soláthar seo:

- Cuspóirí feabhsú feidhmíochta
- Táscairí agus caighdeáin reachtúla feidhmíochta do phleanáil, d'fhorbairt gheilleagrach agus do bhainistíocht dramhaíola
- Plean Corparáideach 2015-19

Tá achoimre bhuaicphointí feidhmíochta na Comhairle le linn 2016-17 tugtha ar leathanaigh 3 agus 4.

Cuspóirí Corparáideacha	Dul Chun Cinn	Stádas/Treocht
Bheith ar cheann de na príomhchinn scribe turasóireachta ar oileán na hÉireann 	Méadú 40% i líon cuairteoirí	
	Méadú 27% i gcaiteachas cuairteoirí	
	Tharraing na ceithre príomhfhéilte 138,000 cuairteoir agus ghin siad £4.2m don gheilleagar áitiúil	
Infheistíocht a mhealladh agus tacú le cruthú post nua 	192 post cruthaithe	
	Laghdú in Éilitheoirí Liúntas Cuardaitheora Poist	
	Am feabhsaithe próiseála s'iarraitais ar phleanáil áitiúil	
Tacú le torthaí feabhsaithe sláinte agus folláine 	Infheistíocht £34.8m i Sólanna an Lúir agus Dhún Pádraig	
	Breis agus 1.4m freastal ar áiseanna fóillíochta na Comhairle	
	Breis agus 10,000 áitritheoir a ghlac páirt in Gach Duine Gníomhach 2020	
Ár gcomhshaol nádúrtha agus tógtha a chosaint 	Druideadh Láithreáin Líonadh Talaimh Achadh na gCon agus Dhroim na Coille	
	Críochnaíodh cosaint tuilte loch Chamlocha	
	Méadú 1.1% sa mhéid dramhaíl tí a bhailíonn an Chomhairle agus a athchúrsáiltear, go 40%	
	Laghdú 66.9% sa mhéid dramhaíl bhordais in-bhithmhillte a bhailíonn an Chomhairle agus a chuirtear i líonadh talaimh, go 5,389 tona	

Cuspóirí Corparáideacha	Dul Chun Cinn	Stádas/Treocht
Treoraigh athghiniúint cheantair uirbeacha agus tuaithe 	Tá scéimeanna réimse poiblí in Iúr Cinn Trá agus i Rinn Mhic Giolla Rua críochnaithe	
	Bronnadh £11m ar an Chlár Forbartha Tuaithe	
	Bronnadh £850k le Páirc Bhardais Rinn Mhic Giolla Rua a athchóiriú	
Tacaigh thar do cheann, go háirithe maidir leis na ceisteanna is mó tábhacht agat dáiríre 	Foilsíodh Plean Pobail don Iúr, Múrna agus an Dúin	
	Thig le 86% d'áitribh áitiúla 2mb leathanbhanda ar a laghad a fháil	
	An bonneagar bóithre feabhsaithe	
Cumasaigh agus feabhsaigh acmhainn ár bpobal 	Bronnadh £652k ar ghrúpaí pobail tríd an Scéim Cúnaimh Airgeadais	
	Ceapadh 44 ball neamhspleách ar Fhóraitm TLC agus tionóladh 20 imeacht rannpháirtíochta poiblí TLC	
Athraigh ó bhun agus athchóirigh an Chomhairle, le soláthar seirbhísí atá inrochtana chomh maith le bheith ina margadh maith 	Fuarthas deimhniú um chomhlíonadh d'fheabhsú feidhmíochta	
	Struchtúr eagraíochtúil aontaithe agus clár athraithe gnó ar siúl	
	Laghdu i neamhláithreacht ghearrthréimhseach	

Eochair Eolais

Stádas	Treocht
 Sprioc nó cuspóir aimsithe/ar shlí bheith aimsithe	 D'fheabhsaigh feidhmíocht ón bhliain roimhe sin

Amharc Chun Tosaigh Plean Feabhsú Feidhmíochta 2017-18

Tá de dhualgas ar an Chomhairle cuspóirí feabhsaithe a leagan amach do na seirbhísí a sholáthraíonn sí ar bhonn bliantúil, agus socruithe a bheith ar bun leis na cuspóirí sin a aimsiú. Tríd an Phlean Feabhsú Feidhmíochta, d'aithin an Chomhairle cúig chuspóir feabhsaithe, atá nasctha leis an Phlean Pobail agus an Phlean Corparáideach, agus a bhéarfais aghaidh ar na ceisteanna is mó tábhacht ag pobail áitiúla.

Cuspóir 1

Saol sláintiúil a spreagadh trí rannpháirtíocht bhreise i bhfóillíocht, i spórt agus i ngníomhaíochtaí áineasa.

An rud a dhéanfas muid

- Athchóiriú Shólanna Iúr Cinn Trá agus Dhún Pádraig a chríochnú
- Tabhairt faoi athbreithniú áiseanna fóillíochta taobh amuigh
- Plean Gníomhaíochtaí, Cur Chun Cinn agus Forbartha a chomhordú le aclaíocht a chur chun cinn ar fud an Cheantair
- Deiseanna súgartha seasta agus neamhsheasta a sholáthar agus a fheabhsú
- Níos mó páistí agus daoine óga a mhealladh i dtreo thionscnaimh súgartha pobail

Cuspóir 2

Fás geilleagrach a fheabhsú trí dheiseanna úra gnó a chruthú, tacú le fás gnólachtaí atá ann cheana agus An tIúr, Múrna agus An Dúin a chur chun tosaigh mar phríomhcheann scríbe turasóireachta.

An rud a dhéanfas muid

- Tacú le cruthú poist úra ar fud an Cheantair
- Tacú le bunú agus fás gnólachtaí agus fiontar sóisialta
- Pleananna Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe a fhorbairt do Bheanna Boirche agus d'Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn agus Cósta Mhúrn
- Cúig fhéile shuaitheanta a eagrú agus a chothú ar fud na Dúiche

Cuspóir 3

Tionscnaimh athghiniúna uirbeach agus tuaithe a sholáthar a chruthós Ceantar ar mhaith le daoine cónaí, oibriú agus infheistiú ann.

An rud a dhéanfas muid

- Oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha Pháirc Bhardais Rinn Mhic Giolla Rua a athchóiriú
- Pleananna Gníomhaíochta Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha d'Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn agus do Loch Cuan agus Leath Chathail a chur i bhfeidhm
- Tús a chur ar sholáthar an Scéim Feabhsú Comhshaoil i nDún Pádraig agus na Scéimeanna Athbheochana in Iúr Cinn Trá agus i Rinn Mhic Giolla Rua
- Feidhmiú an Chlár Forbartha Tuaithe a chur ar aghaidh agus na Pleananna Sráidbhailte a uasdátú
- Oibriú le páirtithe le soláthar leathanbhanda a mhéadú ar fud an Cheantair

Cuspóir 4

Ceantar is glaine, is glaise agus is tarraingtí a chruthú.

An rud a dhéanfas muid

- An ráta athchúrsála a mhéadú
- An méid dramháiola a théann go líonadh talaimh a laghdú
- Caighdeán agus glaineacht an chomhshaoil áitiúil a fheabhsú
- Rannpháirtíocht phoiblí i bhfeachtais ghlantacháin a chur ar aghaidh
- Feidhmíocht Sheirbhís Phleanála na Comhairle a fheabhsú

Cuspóir 5

Pobail áitiúla a mhisiú agus a chumasú le bheith páirteach i struchtúir rannpháirtíochta na Comhairle.

An rud a dhéanfas muid

- Creat Corparáideach Comhairliúcháin agus Rannpháirtíochta a fhorbairt
- An leibhéal rannpháirtíochta sa Pháirtíocht Phóilíneachta agus Shábháilteachta Poiblí, sna Páirtíochtaí Athnuachan Comharsanachta, sna Fóraim TLC agus sa Pháirtíocht SÍOCHÁIN IV a fhorbairt tuilleadh
- Na Scéimeanna Pobal Ar Aire, 'Maidin Mhaith, Comharsa Mhaith' agus 'Slán sa Bhaile' a chur chun cinn
- Tacú le grúpaí pobail trí scéim cúnamh airgeadais na Comhairle
- Grúpaí pobail a mhealladh i gcur chun cinn 'Iniúchadh Éifeachtachta' d'ionaid phobail

Bíodh Cead Cainte Agat

D'fháilteomis roimh d'aiseolas ar chuspóirí feabhsú feidhmíochta 2017-18, chomh maith le moltaí ar an dóigh lenár seirbhísí a fheabhsú amach anseo.

Thig lánchóipeanna de Mheasúnú Feidhmíochta 2016-17 agus den Phlean Feabhsu Feidhmíochta 2017-2018 a íoslódáil ónár suíomh gréasáin: newrymournedown.org

I gcomhair tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Kate Bingham.

Ceann Feidhmíochta agus Feabhsaithe

Comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Teach Uí Ágáin, Rae Mhuineacháin, Iúr Cinn Trá,

Co. an Dúin, BT35 8DJ

Guthán:

0300 013 2233

Rphost:

kate.bingham@nmandd.org

Tá an cháipéis seo ar fáil i bhformáidí eile ar iarratas.

Ag freastal ar an Dún
agus Ard Mhacha Theas
Serving Down
and South Armagh



Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council